



8 Márta 2021

A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit shocraigh an Rialtas go mbeidh scoláirí ag filleadh ar oideachas inscoile go céimneach.

Forbraíodh na céimeanna seo i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara iar-bhunoideachais agus leanann siad teagmháil leanúnach leis an Roinn Sláinte agus le Sláinte Poiblí, FSS.

D'athdhearbhaigh an Roinn Sláinte agus FSS gur féidir leis an athoscailt de réir a chéile dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe. Is é an chéad chéim eile den fhilleadh Dé Luain 15 Márta do lucht na 5ú bliana in iar-bhunscoileanna.

Tá athbhreithniú déanta ag sláinte phoiblí ar na bearta atá curtha i bhfeidhm chun oibriú sábháilte na scoileanna a chinntiú. Tá sí sásta go gcoinneoidh na bearta seo um chosaint agus rialú infhabhtaithe pobal na scoile sábháilte le linn na tréimhse seo má chloítear go docht leo. Treisíonn siad go láidir go gcaithfidh scoláirí, baill foirne agus tuismitheoirí cloí le gach beart go cúramach.

Agus ullmhúchán á dhéanamh le haghaidh athoscailte ba mhaith liom na breisithe a cuireadh le Plean Freagartha COVID-19 a éilíonn an Prótacal um Oibriú go Sábháilte a mheabhrú do scoileanna. Cuireadh na breiseanna seo in iúl do gach scoil ar an 23 Feabhra. Is féidir iad a fháil [anseo](#).

#### **Meabhraítear do scoileanna na bearta tábhachtacha seo a leanas maidir le rialú ionfhabhtaithe:**

- **Taisteal gan ghá a sheachaint agus deiseanna do scoláirí teacht le chéile a íoslaghdú.** D'fhonn scaipeadh COVID-19 a íoslaghdú, ní mór do scoileanna tréaniarracht a dhéanamh gan imeachtaí a eagrú a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le teacht le chéile na scoláirí agus le taisteal gan ghá.
- Meabhraítear do scoileanna nár cheart dóibh turais ná cuairteanna a eagrú do ghrúpaí scoláirí ina bhfuil taisteal lasmuigh d'áitribh na scoile riachtanach seachas nuair a bhíonn gnáththeagasc ar siúl ar dhá shuíomh nó níos mó (mar shampla scoileanna atá ag feidmiú ar champais scoilte). **Níl aon riachtanas curaclaim ná scrúdaithe ann a éilíonn eagrú cuairteanna den sórt sin.**
- **Turais allamuigh tíreolaíochta**  
Ní gá turais allamuigh Tíreolaíochta a eagrú do chúrsa Tíreolaíochta na hArdteistiméireachta agus níor cheart turais den sórt sin a eagrú faoi láthair.



Cuireadh in iúl do scoileanna sna **Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021** atá ar fáil [anseo](#), nach mór roghanna eile seachas turais allamuigh tíreolaíochta a úsáid i gcás srianta taistil a bhaineann le COVID-19 a bheith i bhfeidhm. I gcás gach cohórt Ardteistiméireachta soláthraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit liosta na roghanna don Imscrúdú Tíreolaíochta. Tá liosta 2021 ar fáil [anseo](#).

- **Cruinnithe neamhfhoirmiúla scoláirí lasmuigh den scoil.** Iarrtar ar scoileanna a mheabharrú do na scoláirí nach gceadaítear cruinniú neamhfhoirmiúil lasmuigh den scoil, mar shampla chun páirt a ghlacadh i ngrúpa staidéir nó chun cleachtadh a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochta a bhaineann leis an scoil, faoi na bearta srianta sláinte poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is mór ag an Roinn na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag pobal na scoileanna chun an riosca go scaipfí COVID-19 i scoileanna a theorannú agus a chinntiú go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm chun ionfhabhtú a choinneáil faoi smacht de réir phleananna freagartha COVID-19 na scoile éifeachtach i dtreo is go mbeidh scoileanna sábháilte do scoláirí agus don fhoireann.

Is mise, le meas,

Deirdre Shanley

Rúnaí Cúnta